C/2025/1272

20.2.2025

**Fógra le haghaidh daoine áirithe a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.**

(C/2025/1272)

Dírítear aird PIR-ABASSI Abbas (Uimh. 23), BOZORGNIA Mostafa (Uimh. 29), ABBASZADEH-MESHKINI Mahmoud (Uimh. 33), HABIBI Mohammad Reza (Uimh. 40), KAMALIAN Behrouz (ar a dtugtar freisin Hackers Brain, Behrooz_Ice) (Uimh. 46), MAHSOULI Sadeq (ar a dtugtar freisin MAHSULI Sadeq) (Uimh. 48), TAMADDON Morteza (ar a dtugtar freisin TAMADON Morteza) (Uimh. 54), HAJMOHAM-MADI Aziz (ar a dtugtar freisin Aziz Hajmohammadi, Noorollah Azizmohammadi) (Uimh. 57), FARHADI Ali (Uimh. 73), RASHIDI AGHDAM Ali Ashraf (Uimh. 79), VAHIDI Ahmad (Uimh. 107), MOHAMMADIAN Abbas-Ali (Uimh. 125), MIRAHMADI Seyyed Majid (Uimh. 140), KARIMI Mohsen (Uimh. 145), MOSTAFAVI Seyed Mojtaba (Uimh. 177), NESARI Habibollah Jan (Uimh. 185), SHARIF Ramezan (Uimh. 202), JOMEIRI Fathollah (Uimh. 203), NIKVARZ Mohsen (Uimh. 224), daoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne na ndaoine thuasluaite, bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na ráitis ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, **roimh an 5 Márta 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Maidir le barúlacha a gheofar **roimh an 12 Márta 2025**, cuirfear san áireamh iad chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/235/CBES agus le hAirteagal 12(4) de Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.
([2]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 1.